Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**9361/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0032(COD)**

**COMPET 358**
**IND 187**
**MI 414**
**RC 32**
**RECH 260**
**TELECOM 236**
**FIN 573**
**CADREFIN 87**
**CODEC 761**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9177/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6170/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Gníomh Eorpach um Shliseanna)<br>*Tuarascáil ar dhul chun cinn* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir leis an Rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Gníomh Eorpach um Shliseanna) mar ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais an 9 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Gníomh Eorpach um Shliseanna)**

**Tuarascáil ar dhul chun cinn**

## I. RÉAMHRÁ

1. An 8 Feabhra 2022, thíolaic an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Tá an Togra bunaithe ar Airteagal 114, Airteagal 173(3), Airteagal 182(1) agus Airteagal 183 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

2. Féachann an togra le haghaidh Rialacháin le slabhra luacha leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus forbairt agus imscaradh ardteicneolaíochtaí leathsheoltóra agus candamacha den chéad ghlúin eile a chumasú lena gcuirfear le hardchumas deartha an Aontais, le comhtháthú córas agus le táirgeadh leathsheoltóirí, agus lena gcuirfear leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach.

3. Tá an dara dréachtrialachán ag gabháil leis an togra ón gCoimisiún, dréachtrialachán lena leasaítear Rialachán 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, an Bunghníomh Aonair, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas Leathsheoltóirí. Tá an dréacht-Rialachán sin á scrúdú ar leithligh ag an Meitheal um Thaighde.

[1] 6170/22 + ADD 1.

4. Níl measúnú tionchair ag gabháil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le leathsheoltóirí. Ina ionad sin, an 11 Bealtaine 2022, d’fhoilsigh an Coimisiún doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ina bhfuil achoimre ar chuspóir an togra, chomh maith leis na modhanna, na critéir agus na roghanna straitéiseacha a roghnaigh an Coimisiún.

5. Thíolaic an Coimisiún a thionscnamh faoi ‘aon ghnó eile’ ag an gComhairle Iomaíochais an 24 Feabhra 2022.

6. Níor chuir Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra ar aghaidh go fóill.

7. I bParlaimint na hEorpa, níor vótáil an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh go fóill ar a thuarascáil.

8. I gconclúidí uaithi a glacadh ag cruinniú an 21 agus an 22 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá sé dul chun cinn gasta a dhéanamh maidir le tionscnaimh lena gcuirtear chun cinn éiceachóras micrishliseanna Eorpach ceannródaíoch a chruthú, ar fud an tslabhra luacha ina iomláine, agus athléimneacht bhreise a chothú, lena n-áirítear maidir le hamhábhair, ós rud é go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun ganntanais a chuireann bac ar an gclaochlú digiteach a sheachaint. Sa chomhthéacs sin, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go bhfuil sí ag súil go mór leis an togra atá le teacht maidir le Gníomh Eorpach um Shliseanna.

## II. OBAIR ARNA DÉANAMH I GCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

9. Chuir an Coimisiún a thogra faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe an 9 Feabhra 2022.

10. Thosaigh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás ag scrúdú an togra an 14 Feabhra 2022 agus tá sí ag leanúint dá scrúdú ó shin d’fhonn tuarascáil ar dul chun cinn a thíolacadh faoi dheireadh na hUachtaránachta.

11. Le linn na 9 gcruinniú a bhí aici idir Feabhra agus Bealtaine 2022, dhíríodh plé na Meithle go háirithe ar phríomhphrionsabail na dtrí cholún lena dtugtar struchtúr do thogra an Choimisiúin. Cuireadh na gnéithe buiséadacha ar leataobh le linn na céime sin den athbhreithniú. Pléadh na hábhair seo a leanas go háirithe:

– faoi Cholún I maidir leis an tionscnamh *Chips for Europe* [Leathsheoltóirí don Eoraip]: cuspóirí agus cur chun feidhme an tionscnaimh, an Cuibhreannas Eorpach don Bhonneagar Sliseanna, nós imeachta chun na lárionaid inniúlachta a roghnú agus an chaoi a ndéanfar iad a nascadh leis an gcuid eile d'éiceachóras na leathsheoltóirí;

– faoi Cholún II maidir le slándáil an tsoláthair: sainmhíniú ar shaoráid cheannródaíoch, an nós imeachta um measúnú chun stádas 'Saoráid Táirgthe Comhtháite' nó 'Teilgcheárta Oscailte de chuid an Aontais' a bhaint amach, agus breisluach an togra i gcomparáid leis an nós imeachta údaraithe reatha maidir le státchabhair;

– faoi Cholún III maidir le faireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna: an sásra faireacháin agus luathrabhaidh, feidhmiú na n-ionstraimí éigeandála agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar tharraingteacht an mhargaidh aonair;

– na forálacha maidir le rialachas, rúndacht, pionóis agus nós imeachta coiste, agus leis sin tugadh an anailís ar an téacs iomlán i gcrích.

12. Ar an mbonn sin, bhailigh an Uachtaránacht barúlacha i scríbhinn ó na Ballstáit maidir leis an dréacht-Rialachán ina iomláine. Tar éis an phlé sa Mheitheal agus tar éis anailís a dhéanamh ar na barúlacha sin, chuir sí an chéad téacs comhréitigh faoi bhráid na mBallstát.

13. Chuir an Coimisiún a dhoiciméad oibre mar thaca leis an togra le haghaidh Rialacháin i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás an 12 Bealtaine 2022. Beidh an Mheitheal in ann tús a chur le scrúdú airteagal ar airteagal ar an téacs comhréitigh agus leanúint den scrúdú sin idir seo agus deireadh mhí an Mheithimh.

14. Idir an dá linn, tá an Mheitheal um Thaighde tar éis teacht le chéile cúig huaire chun scrúdú a dhéanamh ar na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach. Ina theannta sin, d'eagraigh an Uachtaránacht ceardlann theicniúil neamhfhoirmiúil an 1 Aibreán 2022 freisin.

15. Ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Bealtaine 2022, thug Coiste na mBuanionadaithe dá aire an dréacht-tuarascáil ar dhul chun cinn (9177/22), d'fhonn í a chur faoi bhráid na Comhairle Iomaíochais ag an gcruinniú a bheidh aici an 9 Meitheamh 2022.

## III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA POLAITIÚLA

16. Ar bhonn an phlé a rinneadh go dtí seo ar leibhéal na Meithle, thug an Uachtaránacht dá haire gur dhíol sásaimh do na Ballstáit an cuspóir foriomlán maidir le héiceachóras Eorpach leathsheoltóirí a neartú agus athléimneacht soláthairtí tionsclaíocha a neartú sa réimse sin. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta fós acu, áfach, maidir leis an togra ón gCoimisiún.

17. Tá curtha ag na Ballstáit le díospóireacht chuiditheach maidir leis an togra. Ós amhlaidh atá, ba chosúil gurb iad na pointí seo a leanas na saincheisteanna polaitiúla is íogaire:

***a) Tionscnamh Chips for Europe [Leathsheoltóirí don Eoraip]***

D'iarr roinnt Ballstát go ndéanfaí idirdhealú níos soiléire idir cuspóirí, comhpháirteanna agus gníomhaíochtaí an tionscnaimh Eorpaigh leathsheoltóirí (Tionscnamh '*Chips for Europe*'). D'fhéadfaí stádas an Chuibhreannais Eorpaigh don Bhonneagar Sliseanna a chur i láthair go mion, gan aon treoir shoiléir ag an gcéim seo. Ar deireadh, d'iarr roinnt Ballstát sonraí maidir leis an nós imeachta chun lárionaid inniúlachta a roghnú i réimse na leathsheoltóirí agus maidir leis an gcaoi ar cheart iad a nascadh leis an gcuid eile den éiceachóras.

*b)* ***Prionsabal na 'Saoráide Ceannródaí'***

D'iarr na Ballstáit soiléiriú ar an togra seo agus ar an sainmhíniú atá beartaithe.

Cheistigh roinnt Ballstát freisin an breisluach a bhaineann le stádas 'Saoráid Táirgthe Comhtháite' nó 'Teilgcheárta Oscailte de chuid an Aontais'. Pléadh freisin rannpháirtíocht na mBallstát sa nós imeachta chun na stádais sin a dheonú. D'iarr roinnt Ballstát go mbeadh ról níos mó sa phróiseas, agus béim á leagan acu ar an ngá atá ann an t-ualach riaracháin a theorannú, rúndacht na faisnéise arna tarchur a chosaint, agus cead a thabhairt do chuibhreannais iarratas a chur isteach. Tá soiléiriú fós ag teastáil maidir le ról an Choimisiúin, an Bhoird Eorpaigh leathsheoltóirí agus na mBallstát sa phróiseas sin.

D'athdhearbhaigh go leor Ballstát a thábhachtaí atá sé cothrom na Féinne a chaomhnú sa mhargadh inmheánach. Chuir siad in iúl go raibh imní orthu freisin faoin mbaol a bheadh ann go mbeadh 'rás na bhfhóirdheontas' ann.

Maidir leis an raon feidhme, theastaigh ó roinnt Ballstát go ndéanfadh na gníomhaíochtaí incháilithe an slabhra luacha leathsheoltóirí a chumhdach ar bhealach níos leithne. Theastaigh ó roinnt Ballstát freisin go dtabharfaí aghaidh sa dréacht-Rialachán ar an tsaincheist maidir le glúin reatha sliseanna agus teicneolaíochtaí slise níos aibí a fhorbairt laistigh den Aontas.

*c)* ***Freagairtí ar ghéarchéim in earnáil na leathsheoltóirí***

Leagadh béim sa phlé tosaigh ar an ábhar seo ar an ngá atá le tuilleadh plé a dhéanamh chun ról agus cumhacht an Choimisiúin sa sásra géarchéime a shoiléiriú.

Leagadh béim sa phlé ar an ngá atá le feidhmiú na n-ionstraimí éigeandála a shoiléiriú, cibé acu an sásra chun faisnéis a iarraidh, le haghaidh orduithe rátáilte tosaíochta nó le haghaidh comhcheannacháin a bheadh i gceist.

Thug roinnt Ballstát dá n-aire gur gá ról na mBallstát i gcur chun feidhme na sásraí sin a neartú. Thacaigh na Ballstáit freisin le bearta coimirce breise a thabhairt isteach do chuideachtaí, ag iarraidh go mbeadh forálacha praghsála córa ann a bheadh teoranta ó thaobh ama de agus a bheadh chun leasa an Aontais. D'áitigh a lán Ballstát go bhfuil gá le creat comhréireach, lena gcuirfí teorainn le hidirghabhálacha margaidh.

18. Sa phlé a rinneadh sa Mheitheal um Thaighde leagadh béim ar dhá phríomhréimse caibidlíochta:

– Gnéithe airgeadais: sa togra ón gCoimisiún, is ionann agus EUR 4 175 billiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais don Thionscnamh 'Leathsheoltóirí don Eoraip' le haghaidh gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme tríd an gComhghnóthas Leathsheoltóirí, agus ba é EUR 1 800 billiún an ranníocaíocht airgeadais a beartaíodh don Chomhghnóthas Teicneolaíochtaí Digiteacha. Ar an gcéad dul síos, ardaíonn an méadú sin ceisteanna maidir le hath-leithdháileadh acmhainní airgeadais idir Fís Eorpach agus an clár don Eoraip Dhigiteach sa chreat airgeadais ilbhliantúil. Ar an dara dul síos, beidh gá le hiarracht nua airgeadais ó na Ballstáit agus ó na comhpháirtithe príobháideacha, toisc go gcumhdaíonn ranníocaíocht airgeadais an Aontais costais riaracháin agus oibriúcháin an Chomhghnóthais ar choinníoll go mbeidh an méid sin comhoiriúnaithe ar a laghad le ranníocaíocht na mball eile seachas an Aontas ('*prionsabal comhoiriúnaithe*').

– Gnéithe rialachais: go ginearálta, tagann na gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme tríd an gComhghnóthas Leathsheoltóirí faoi thrí chatagóir: (a) acmhainneacht táirgeachta a fhorbairt; (b) taighde agus nuálaíocht a bhaineann go díreach leis an tionscnamh 'Leathsheoltóirí don Eoraip'; (c) taighde agus nuálaíocht a bhaineann go díreach le teicneolaíochta digiteacha seachas na teicneolaíochtaí dá dtagraítear sa tionscnamh 'Leathsheoltóirí don Eoraip'. Maidir le glacadh an chláir oibre ag an mBord Stiúrtha, foráiltear leis an togra ón gCoimisiún gurb iad an Coimisiún agus na Ballstáit amháin a mbeidh cearta vótála acu maidir le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta táirgeachta. Mar sin féin, tá an tsaincheist maidir le cearta vótála na gcomhpháirtithe príobháideacha maidir le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann go díreach leis an Tionscnamh 'Leathsheoltóirí don Eoraip' fós le soiléiriú.

19. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta, tá plé domhain faoi ábhar an togra ag dul ar aghaidh i gcónaí i sraith de chruinntithe breise de chuid na Meithle um Iomaíochas agus Fás. Dá bhrí sin, i bhfianaise chastacht an togra, agus i bhfianaise a thábhachtaí atá sé d'éiceachóras ardleibhéil Eorpach lena n-áirithítear slándáil soláthair leathsheoltóirí san Aontas agus lena bhforbraítear margaí nua do theicneolaíochtaí Eorpacha ceannródaíocha, tá gá le tuilleadh oibre a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil sula bhféadfaidh an Chomhairle cinneadh polaitiúil a dhéanamh, agus is cabhair é an tuarascáil seo ina leith sin toisc go ndéanann sí na príomh-shaincheisteanna polaitiúla a shainaithint.

20. Measann an Uachtaránacht, áfach, go gcuirtear achoimre chothrom i láthair sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn ar na príomh-shaincheisteanna polaitiúla a sainaithníodh le linn an scrúdaithe ar an togra.

## IV. CONCLÚID

21. Iarrtar ar an gComhairle Iomaíochais an tuarascáil ar dhul chun cinn seo ón Uachtaránacht a thabhairt dá haire.